People and Nature - The Galway County Biodiversity Project

Nature and Wildlife events 2008

What is Biodiversity?

Simply put, biodiversity describes the variety of life on earth, and the ways in which living things interact with each other and the world around them. This includes people, animals, plants, microbes and their habitats.

People and Nature - The Galway County Biodiversity Project

'People and Nature' is the theme of the Galway County Biodiversity Project. The project is an action of the Galway County Heritage Plan and is a joint initiative between Galway County Council and NUI Galway, with the support of Galway Rural Development, the Galway County Heritage Forum and the Heritage Council.

The aim of the project is to promote the remarkable diversity of nature in Galway County, and to provide advice to community groups, individual land-owners and the County Council. We have recently completed a Biodiversity Action Plan for the County, which outlines our main priorities for the next five years.

Is Galway important for nature?

Galway County is one of the hotspots of biodiversity in Europe, as our unique combination of environmental conditions gives rise to a huge diversity of habitats and wildlife, many of which are rare in Ireland and Europe. For example, the turloughs of Galway and Clare are found nowhere else in Europe, and Ireland acts as a refuge for more than 50% of the remaining raised bogs in the EU. We are privileged to live in one of the most interesting environments in the world!

People and Bats

More than one third of all Irish mammal species are bats, and they are some of the most widespread and easy to find, if you know how to look! In association with the Galway Bat Group, we hope to shed some light on these nocturnal animals, locating them with hand-held bat detectors. Different parts of the county will contain different bat species, so do try to make it along to more than one of the events! Designed for people with no previous experience with bats, our monthly walks promise to be an exciting evening out for people of all ages!

Bat detectors will also be available to borrow for anyone that would like to do a little bat survey of their own garden or a local park or river!

Can we help?

Every year the People and Nature project organises a number of school and community projects, as well as a program of nature activities and courses. All events are free of charge and open to everyone. We welcome suggestions for other projects or activities from schools, local groups and individuals, so if you have any ideas please let us know!

If you have any queries about any aspect of the **People and Nature Project**, please contact the Acting Project Manager:

Nick Marchant, Applied Ecology Unit, Dept. of Microbiology, NUI, Galway

Tel: 091 493863 **Email** elaine.oriordan@nuigalway.ie

Biodiversity Week (18th – 23rd May)

To coincide with the second national Biodiversity Week, a number of events will be held around County Galway.

Control of Gunnera **(Giant Rhubarb) in Leenaun**

Saturday 17th May 7pm

Leenaun Community Centre

Nick Marchant will give a talk about this invading Chilean plant, how to prevent its spread, and the plan for its control in the areas around Leenaun.

'Shores and Bays - Wildlife and Heritage'

Sunday 18th May 7.30pm

Lettermullan Community Centre (along the R374)

Pádraic de Bhaldraithe will give a talk about the wildlife and heritage of the coastline of Kilkieran bay and islands, an internationally important *'Special Area of Conservation'*. **This talk will be presented in the Irish language**, and there will be time for informal conversation afterwards.

Evening Chorus, and Bat Walk

Saturday 23rd May 7.30-10.30pm

Coole Park Visitor Centre, near Gort

Local naturalist Gordon D'Arcy will lead a guided walk in Coole Park Nature Reserve, timed to experience the best of the season's birdsong. Immediately afterwards, members of the Galway Bat Group and NPWS staff will lead a short bat-detecting walk around the park gardens.

In association with the National Parks and Wildlife Service.

Wildlife Gardening Workshop

Sunday 24th May, 2pm

St Brendans Nursing Unit, (1km South of Loughrea, R351)

Wildlife gardening specialist Kay Synott will lead a free workshop in wildlife gardening, which will cover topics such as: designing your garden, planting for birds and insects, wildlife ponds, creating habitats for garden animals, school gardens, and involving children in the garden.

June

Bat Walk, Glinsk

Saturday 28th June, 9pm

Glinsk National School, near Glenamaddy (North-East Galway)

The evening will kick off with a presentation and slide-show about bats in Galway, which will hopefully dispel some of the myths surrounding these furry little animals! Afterwards, the Galway Bat Group will see what different types can be found in the beautiful surroundings of Glinsk village.

Please note that all events are free of charge and open to everyone. Please dress to suit the weather!

July

Bat Walk, Oughterard

Saturday 26th July, 8.30pm

Convent National School, Oughterard Town Centre

With an early start, we hope to see some Leisler's bats around the school and church. Afterwards, we'll look out for some other species as we walk along the Owenriff River down towards the lake. Before the walk, there will be a short introductory talk about the bats of Galway, and the work of the Galway Bat Group.

Heritage Week

Organic farm Tour

Sunday 17 August, 1 - 6pm

Meet at the Community Centre in Corrandulla for a shuttle bus (off the Headford road, N84).

An open day at the recently established 'Green Earth Organics' farm, will allow you to see the inner workings of an organic fruit and vegetable farm. There will be guided tours of the fields and buildings, a talk on biodiversity and farming, and a local band playing. A fun day out for all the family!

Biodiversity Family Day

Sunday 24 August, 1pm - 6pm

Coole Park visitors centre

Nature walks and activities for young people, bird and bat box making, and the ever popular biodiversity puppet show will make for a fun and exciting family day out in the beautiful and historic gardens of Coole Park.

Please note that all events are free of charge and open to everyone. Please dress to suit the weather!

Daoine agus Dúlra – Tionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

Imeachtaí Dúlra agus Fiadhúlra 2008

Cén chiall atá leis an mBithéagsúlacht?

Go simplí, is ionann bithéagsúlacht agus an dúlra, agus an gaol atá idir orgánaigh bheo agus an timpeallacht. Áiríonn sé seo daoine, ainmhithe, plandaí, miocróib agus a ngnáthóga!

Daoine agus Dúlra – Tionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

'Daoine agus Dúlra' an téama atá ag Tionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe. Is gníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe an tionscadal seo agus is comhthionscnamh é idir Comhairle Contae na Gaillimhe agus OÉ Gaillimh, le tacaíocht ó Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus an Chomhairle Oidhreachta.

Is é atá mar aidhm leis an tionscadal an éagsúlacht iontach dúlra atá le fáil i gCo. na Gaillimhe a chur chun cinn agus comhairle a chur ar ghrúpaí pobail, úinéirí aonair talún agus an Chomhairle Contae. Tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta don Chontae curtha le chéile againn – plean ina bhfuil cur síos ar ár bpríomhthosaíochtaí do na cúig bliana amach romhainn.

An mbaineann tábhacht le Gaillimh ó thaobh an nádúir de?

Tá Co. na Gaillimhe ar cheann de na ceantair bhithéagsúlachta is saibhre san Eoraip. Meascán uathúil dálaí timpeallachta is cúis leis an éagsúlacht gnáthóg agus fiadhúlra – gnáthóga atá neamhchoitianta go maith in Éirinn agus san Eoraip. Sampla amháin is ea nach bhfuil an cineál turlach atá le fáil i nGaillimh agus sa Chlár le fáil in áit ar bith eile san Eoraip, agus sampla eile is ea go bhfuil níos mó ná 50% de na portaigh ardaithe atá fágtha san AE le fáil in Éirinn. Is pribhléid é a bheith ag maireachtáil i gceann de na timpeallachtaí is suimiúla ar domhan!

Daoine agus Sciatháin Leathair

Sciatháin leathair iad breis is trian de speiceas mamaigh na hÉireann, agus is fusa teacht orthu ach a mbíonn a fhios agat cár cheart duit dul ag tóraíocht! Tá súil againn, i gcomhar le Grúpa Sciathán Leathair na Gaillimhe, spléachadh a thabhairt duit ar na hainmhithe oíche seo, agus conas iad a aimsiú trí aimsitheoirí láimhe sciathán leathair a úsáid. Beidh speicis dhifriúla sciathán leathair le fáil i gceantair dhifriúla, dá bhrí sin, ba cheart duit iarracht a dhéanamh teacht chuig níos mó ná imeacht amháin! Is ann do na siúlóidí míosúla chun deis a thabhairt do dhaoine nach bhfuil aon taithí acu roimhe seo ar dhul sa tóir ar sciatháin leathair, agus bealach é le tráthnóna suimiúil a chaitheamh. Bainfidh idir óg agus aosta sult as na siúlóidí seo.

Beidh daoine in ann aimsitheoirí sciathán leathair a fháil ar iasacht má theastaíonn uathu suirbhé beag a dhéanamh ar sciatháin leathair ina ngairdín féin nó i bpáirc nó abhainn áitiúil.

An féidir linn cuidiú leat?

Gach uile bhliain eagraíonn an tionscadal Daoine agus Dúlra roinnt tionscadal scoile agus pobail, mar aon le clár gníomhaíochtaí agus cúrsaí nádúir. Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce agus tá fáilte roimh chách. Fáiltímid roimh mholtaí do thionscadail nó gníomhaíochtaí eile ó scoileanna, grúpaí áitiúla agus daoine aonair, dá bhrí sin, má tá smaointe ar bith agat déan teagmháil linn!

Má tá ceist ar bith agat faoin Tionscadal Daoine agus Dúlra, déan teagmháil le Nick Marchant – an bainisteoir gníomhach tionscadail – ag 091 493863 nó seol ríomhphost chuig

elaine.oriordan@nuigalway.ie

Seachtain Bithéagsúlachta (18 – 23 Bealtaine)

Beidh roinnt imeachtaí ar siúl ar fud Chontae na Gaillimhe i rith na dara Seachtaine Náisiúnta Bithéagsúlachta.

Rialú Gunnera **(Gunnaire) sa Líonán**

Dé Sathairn, 17 Bealtaine @ 7pm

Ionad Pobail an Líonáin

Labhróidh Nick Marchant faoin bplanda ionraidh Sileach seo; conas ar scaip sé, agus an plean atá ann chun é a rialú sna ceantair thart ar an Líonán.

'Cladaí agus Cuanta - Dúlra agus Dúchas'

Dé Domhnaigh, 18 Bealtaine @ 7.30pm

Ionad Pobail Leitir Mealláin

Labhróidh Pádraic de Bhaldraithe faoi fhiadhúlra agus oidhreacht imeallbhord chuan agus oileáin Chill Chiaráin, 'Limistéar Speisialta Caomhantais'. Is i nGaeilge a bheidh an chaint seo, agus beidh deis comhrá neamhfhoirmiúil ina dhiaidh sin.

Ceiliúr na nÉan, agus Siúlóid Sciathán Leathair

Dé Sathairn, 23 Bealtaine @ 7.30-10.30pm

Ionad Cuairteoirí Pháirc na Cúile, in aice leis an nGort

Beidh an nádúraí áitiúil Gordon D'Arcy i gceannas ar shiúlóid treoraithe i dTearmann Dúlra Pháirc na Cúile, ag tráth den bhliain a chinnteoidh go mbeidh ceiliúr na n-éan le cloisteáil. Ina dhiaidh sin, tabharfaidh comhaltaí de Ghrúpa Sciathán Leathair na Gaillimhe agus comhaltaí foirne na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra daoine ar shiúlóid timpeall ar ghairdíní na páirce chun sciatháin leathair a aimsiú.

Tá an t-imeacht seo á eagrú i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Ceardlann Garraíodóireacht Fiadhúlra

Dé Domhnaigh, 24 Bealtaine @ 2pm

Aonad Altranais Naomh Breandán, (1km ó Dheas de Bhaile Locha Riach, R351)

Is í an saineolaí garraíodóireacht fiadhúlra Kay Synott a bheidh i mbun na ceardlainne saor in aisce seo faoi gharraíodóireacht fiadhúlra agus pléifidh sí na nithe seo a leanas: do ghairdín a dhearadh, ag cur plandaí a mheallann éin agus feithidí, linnte fiadhúlra, gnáthóga a chruthú d'ainmhithe gairdín, gairdíní scoile, agus conas páistí a mhealladh amach sa ghairdín.

Meitheamh

Siúlóid Sciathán Leathair, Glinsce

Dé Sathairn, 28 Meitheamh @ 9pm

Scoil Náisiúnta Ghlinsce, cóngarach do Ghleann na Madadh (Oirthuaisceart na Gaillimhe)

Cuirfear tús leis an imeacht seo le taispeántas sleamhnán agus cur i láthair faoi sciatháin leathair i nGaillimh, agus pléifear cuid de na miotais a bhaineann leis na hainmhithe beaga clúmhacha seo! Ina dhiaidh sin, feicfidh Grúpa Sciathán Leathair na Gaillimhe na cineálacha sciathán leathair atá le fáil sa timpeallacht álainn thart ar Ghlinsce.

Iúil

Siúlóid Sciathán Leathair, Uachtar Ard

Dé Sathairn, 26 Iúil @ 8-30pm

Scoil Náisiúnta Chlochar na Trócaire, Lár Bhaile Uachtar Ard

Tá súil againn sciatháin leathair Leisler a fheiceáil timpeall ar an scoil agus ar an séipéal. Ina dhiaidh sin, beidh súil againn speicis eile a fheiceáil le linn dúinn bheith ag siúl in aice leis an Abhainn Ruibhe. Roimh an gcaint, beidh léargas gairid ar sciatháin leathair i nGaillimh agus obair Grúpa Sciathán Leathair na Gaillimhe.

Seachtain Oidhreachta

Turas timpeall ar fheirm orgánach

Dé Domhnaigh, 17 Lúnasa @ 1pm - 6pm

Tiocfaidh gach duine le chéile ag an Ionad Pobail i gCor an Dola áit a mbeidh bus tointeála (ar bhóthar Áth Cinn, N84).

Tabharfaidh lá oscailte ag feirm ‘Green Earth Organics’ léargas do dhaoine ar an obair a bhíonn ar siúl ar fheirm torthaí agus glasraí orgánacha. Beidh turais threoraithe den fheirm agus de na foirgnimh, caint faoi bhithéagsúlacht agus feirmeoireacht, agus beidh banna áitiúil ag seinm. Lá spraoi agus craic don teaghlach ar fad!

Lá Bithéagsúlachta don Teaghlach

Dé Domhnaigh, 24 Lúnasa @ 1pm - 6pm

Ionad Cuairteoirí Pháirc na Cúile

Siúlóidí dúlra agus gníomhaíochtaí do dhaoine óga, conas boscaí éin agus sciatháin leathair a dhéanamh, seó puipéad bithéagsúlachta – imeachtaí a chinnteoidh go mbeidh lá spraoi agus craic ag teaghlaigh i ngairdíní áille agus stairiúla Pháirc na Cúile.

Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce agus tá fáilte roimh chách. Cé go mbeidh cuid mhaith de na himeachtaí dhá reáchtáil i mBéarla, beidh an imeacht in Leitir Mealláin ar an 18 Bealtaine dhá reáchtáil i nGaeilge go hiomlán.